**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 5 Eanáir 2018**
**(OR. en)**

**2014/0175 (COD)** | **PE-CONS 60/17**

**CODIF 32**
**ECO 68**
**MI 799**
**UD 260**
**CODEC 1773**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (códú) |

**RIALACHÁN (AE) .../...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le dleachtanna custaim breise**
**ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh**
**Stáit Aontaithe Mheiriceá**
**(códú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 673/2005[1] a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta[2]. Ar mhaithe le soiléire agus le réasúntacht ba cheart an Rialachán sin a chódú.

(2) An 27 Eanáir 2003, ghlac Comhlacht um Réiteach Díospóide ("DSB") na hEagraíochta Domhanda Trádála ("WTO") an tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc[3] agus an tuarascáil ón bPainéal[4], arna dearbhú sa tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, ina bhfuarthas nach raibh an tAcht maidir le Dumpáil Leanúnach agus Fóirdheontas a Fhritháireamh (*the Continued Dumping and Subsidy Offset Act*) (CDSOA) i gcomhréir le hoibleagáidí Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi chomhaontuitheWTO.

(3) Ós rud é gur mhainnigh na Stáit Aontaithe a reachtaíocht a thabhairt i gcomhréir leis na comhaontuithe cumhdaithe, d'iarr an Comhphobal Eorpach ("Comhphobal") ar DSB an t-údarás a thabhairt dó cur i bhfeidhm a lamháltas taraife agus a n-oibleagáidí lena mbaineann faoin gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a chur ar fionraí i leith na Stát Aontaithe[5]. Chuir na Stáit Aontaithe in aghaidh leibhéal fionraí na lámháltas taraife agus na n-oibleagáidí lena mbaineann, agus cuireadh an t-ábhar chun eadrána.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 673/2005 ón gComhairle an 25 Aibreán 2005 lena mbunaítear dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 110, 30.4.2005, lch. 1).

2 Féach Iarscríbhinn III.

3 *United States — Offset Act (Byrd Amendment), Appellate Body report* (Na Stáit Aontaithe — An tAcht um Fhritháireamh (Leasú Byrd), tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc (WT/DS217/AB/R, WT/DS234/AB/R, 16 Eanáir 2003).

4 *United States — Offset Act (Byrd Amendment), Panel report* (Na Stáit Aontaithe — An tAcht um Fhritháireamh (Leasú Byrd), tuarascáil ón bPainéal (WT/DS217/R, WT/DS234/R, 16 Meán Fómhair 2002).

5 *United States — Offset Act (Byrd Amendment), Recourse by the European Communities to Article 22(2) of the DSU* (Na Stáit Aontaithe — An tAcht um Fhritháireamh (Leasú Byrd), Leas á bhaint ag na Comhphobail Eorpacha as Airteagal 22(2) den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí (WT/DS217/22, 16 Eanáir 2004).

(4) Chinn an tEadránaí, an 31 Lúnasa 2004, gurbh ionann an leibhéal neamhnithe nó lagaithe a bhain don Chomhphobal gach bliain agus 72 % de mhéid eisíocaíochtaí an CDSOA a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh arna n-íoc ar allmhairí ón gComhphobal i leith na bliana is déanaí a raibh sonraí ina leith ar fáil an tráth sin, arna bhfoilsiú ag údaráis na Stát Aontaithe. Maidir le lamháltais nó oibleagáidí eile a chuir an Comhphobal ar fionraí i bhfoirm forchur dleachta allmhairiúcháin breise de bhreis ar dhleachtanna custaim ceangailte ar liosta táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe, nach mó a méid trádala bliantúil ná an méid neamhnithe nó lagaithe, ba é tátal an Eadránaí go mbeadh an fhionraí sin i gcomhréir le rialacha WTO. An 26 Samhain 2004, thug DSB an t-údarú cur i bhfeidhm na lamháltas taraife agus na n-oibleagáidí lena mbaineann faoi CGTT 1994 a chur ar fionraí i leith na Stát Aontaithe i gcomhréir le cinneadh an Eadránaí.

(5) Baineann eisíocaíochtaí an CDSOA don bhliain is déanaí a raibh sonraí ina leith ar fáil an tráth sin le dáileadh na ndleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh a bailíodh le linn na Bliana Fioscaí 2004 (1 Deireadh Fómhair 2003 go 30 Meán Fómhair 2004). Ar bhonn na sonraí a d'fhoilsigh Roinn Cosanta Teorann agus Custaim na Stát Aontaithe, ríomhadh gurbh é 27,81 milliún dollar na Stát Aontaithe an leibhéal neamhnithe nó lagaithe a bhain don Chomhphobal. Tugadh údarú don Chomhphobal, mar sin, méid comhionann dá lamháltais taraife ar na Stáit Aontaithe a chur ar fionraí. B'ionann an éifeacht a bhí ag dleacht bhreise allmhairiúcháin 15 % *ad valorem* ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I de thionscnamh na Stát Aontaithe, thar aon bhliain amháin, agus luach trádála nach mó ná 27,81 milliún dollar na Stát Aontaithe. Maidir leis na táirgí sin, chuir an Comhphobal ar fionraí cur i bhfeidhm a lamháltas taraife ar na Stáit Aontaithe amhail ón 1 Bealtaine 2005 ar aghaidh.

(6) I gcás ina leanfar de gan rialú agus moladh DSB a chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún an leibhéal fionraí a choigeartú gach bliain chuig an leibhéal neamhnithe nó lagaithe a bhaineann don Aontas Eorpach an tráth sin de dheasca an CDSOA. Ba cheart don Choimisiún ráta na dleachta allmhairiúcháin breise nó an liosta atá in Iarscríbhinn I a leasú ionas go léiríonn éifeacht na dleachta allmhairiúcháin breise ar allmhairí na dtáirgí roghnaithe ó na Stáit Aontaithe, thar aon bhliain amháin, luach trádála nach mó ná méid an neamhnithe nó an lagaithe.

(7) Ba cheart don Choimisiún na critéir a leanas a urramú:

(a) ba cheart don Choimisiún ráta na dleachta allmhairiúcháin breise a leasú i gcás nach féidir an leibhéal fionraí a choigeartú chuig leibhéal an neamhnithe nó lagaithe i gcás ina bhfuil táirgí á gcur ar an liosta atá in Iarscríbhinn I nó á mbaint den liosta sin; ina éagmais sin, ba cheart don Choimisiún táirgí a chur leis an liosta atá in Iarscríbhinn I má thagann ardú ar an leibhéal fionraí, nó táirgí a bhaint den liosta sin má thagann laghdú ar an leibhéal fionraí;

(b) má chuirtear táirgí leis an liosta, ba cheart don Choimisiún na táirgí a roghnú go huathoibríoch ón liosta atá in Iarscríbhinn II de réir an oird ina liostaítear na táirgí; mar thoradh ar sin, ba cheart don Choimisiún an liosta atá in Iarscríbhinn II a leasú chomh maith trí na táirgí a cuireadh leis an liosta atá in Iarscríbhinn I a bhaint de;

(c) má aistarraingítear táirgí, ba cheart don Choimisiún, i dtús báire, na táirgí a cuireadh leis an liosta atá in Iarscríbhinn I tar éis 1 Bealtaine 2005 a bhaint de; ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún táirgí a bhí ar an liosta atá in Iarscríbhinn I an 1 Bealtaine 2005 a bhaint de de réir ord an liosta sin.

(8) Chun na coigeartuithe is gá a dhéanamh ar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le leasú a dhéanamh ar ráta na dleachta allmhairiúcháin breise nó ar na liostaí atá in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid eile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

*Airteagal 1*

Cuirfear lamháltais taraife agus oibleagáidí gaolmhara an Aontais faoi CGTT 1994 ar fionraí i leith táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Forchuirfear dleacht allmhairiúcháin *ad valorem* 4,3 % de bhreis ar an dleacht chustaim is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ar na táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

1. Déanfaidh an Coimisiún an leibhéal fionraí a choigeartú go bliantúil chuig an leibhéal neamhnithe nó lagaithe atá san Aontas an tráth sin mar thoradh ar an Acht maidir le Dumpáil Leanúnach agus Fóirdheontas de chuid na Stát Aontaithe ("CDSOA"). Leasóidh an Coimisiún ráta na dleachta allmhairiúcháin breise dá dtagraítear in Airteagal 2 nó an liosta atá in Iarscríbhinn I faoi na coinníollacha seo a leanas:

   (a) beidh an leibhéal neamhnithe nó lagaithe ionann le 72 % de mhéid na n-eisíocaíochtaí faoi CDSOA a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh arna n-íoc ar allmhairí ón Aontas i leith na bliana is déanaí a bhfuil sonraí ina leith ar fáil an tráth sin, mar atá foilsithe ag údaráis na Stát Aontaithe;

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(b) déanfar an leasú sa chaoi go mbeidh éifeacht na dleachta allmhairiúcháin breise ar allmhairí na dtáirgí roghnaithe de thionscnamh na Stát Aontaithe, thar aon bhliain amháin, ionann le luach trádála nach mó ná an leibhéal neamhnithe nó lagaithe;

(c) seachas i gcúinsí a leagtar amach i bpointe (e), i gcás ina dtagann ardú ar an leibhéal fionraí, cuirfidh an Coimisiún táirgí leis an liosta atá in Iarscríbhinn I; roghnófar na tairgí sin ón liosta atá in Iarscríbhinn II de réir ord an liosta sin;

(d) seachas i gcúinsí a leagtar amach i bpointe (e), i gcás ina dtagann laghdú ar an leibhéal fionraí, bainfear táirgí den liosta atá in Iarscríbhinn I; déanfaidh an Coimisiún, i dtús báire, na tairgí a bhí ar an liosta atá in Iarscríbhinn II an 1 Bealtaine 2005 agus a cuireadh leis an liosta in Iarscríbhinn I ag tráth níos déanaí a bhaint de; ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún táirgí a bhí ar an liosta atá in Iarscríbhinn I an 1 Bealtaine 2005 a bhaint de de réir ord an liosta sin;

(e) leasóidh an Coimisiún ráta na dleachta allmhariúcháin breise i gcás nach féidir an leibhéal fionraí a choigeartú chuig an leibhéal neamhnithe nó lagaithe trí tháirgí a chur leis an liosta atá in Iarscríbhinn I, nó iad a bhaint de.

2. I gcás ina gcuirtear táirgí leis an liosta atá in Iarscríbhinn I, leasóidh an Coimisiún, an an tráth céanna, an liosta atá in Iarscríbhinn II trí na táirgí sin a bhaint den liosta sin. Ní dhéanfar aon mhodhnú ar ord na dtáirgí atá fós ar an liosta atá in Iarscríbhinn II.

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 chun na coigeartuithe agus na leasuithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a dhéanamh.

I gcás ina ndéantar faisnéis maidir le méid na n-eisíocaíochtaí a rinne na Stáit Aontaithe a chur ar fáil go déanach sa bhliain, sa chaoi nach féidir spriocanna na hEagraíochta Domhanda Trádála agus spriocanna reachtúla a bhaint amach trí leas a bhaint as an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus, i gcás coigeartuithe agus leasuithe ar na hIarscríbhinní, agus dá bhrí sin go n-éileofaí amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacfar de bhun na chéad fhomhíre.

*Airteagal 4*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 20 Feabhra 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúdeach an 13 Aibrean 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach gcuirtear aon agóid in iúl i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 4(6). Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh chun agóid a dhéanamh.

*Airteagal 6*

Cinnfear tionscnamh aon táirge a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

*Airteagal 7*

1. Táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I ar eisíodh ceadúnas allmhairiúcháin ina leith roimh 30 Aibreán 2005 a raibh díolúine nó laghdú dleachta ag gabháil leis an gceadúnas sin, ní bheidh na táirgí sin faoi réir na dleachta allmhairiúcháin breise.

2. Táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ligtear isteach saor ó dhleachtanna allmhairiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009[1] ón gComhairle, ní bheidh na táirgí sin faoi réir na dleachta allmhairiúcháin breise.

*Airteagal 8*

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 673/2005.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn IV.

[1] Rialachán (CE) Uimh 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear córas faoiseamh de chuid an Chomhphobail ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23).

*Airteagal 9*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN I

Sainaithnítear na táirgí a mbeidh feidhm ag dleachtanna allmhairiúcháin breise orthu trína gcód AC ocht n-uimhir. Is féidir tuairisc ar na táirgí a aicmítear faoi na cóid seo a fháil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[1].

0710 40 00

ex 9003 19 00 "frámaí agus gléasadh táirmhiotail"

8705 10 00

6204 62 31

______________

[1] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

# IARSCRÍBHINN II

Sainaithnítear na táirgí san Iarscríbhinn seo trína gcód AC ocht n-uimhir. Is féidir tuairisc ar na táirgí a aicmítear faoi na cóid seo a fháil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gCoimisiún.

## IARSCRÍBHINN III

An Rialachán aisghairthe le liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air

| | |
|---|---|
| Rialachán (CE) Uimh. 673/2005 ón gComhairle<br>(IO L 110, 30.4.2005, lch. 1) | |
| Rialachán (CE) Uimh. 632/2006 ón gCoimisiún<br>(IO L 111, 25.4.2006, lch. 5) | |
| Rialachán (CE) Uimh. 409/2007 ón gCoimisiún<br>(IO L 100, 17.4.2007, lch. 16) | |
| Rialachán (CE) Uimh. 283/2008 ón gCoimisiún<br>(IO L 86, 28.3.2008, lch. 19) | |
| Rialachán (CE) Uimh. 317/2009 ón gCoimisiún<br>(IO L 100, 18.4.2009, lch. 6) | |
| Rialachán (AE) Uimh. 305/2010 ón gCoimisiún<br>(IO L 94, 15.4.2010, lch. 15) | |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 311/2011 ón gCoimisiún<br>(IO L 86, 1.4.2011, lch. 51) | |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 349/2013 ón gCoimisiún<br>(IO L 108, 18.4.2013, lch. 6) | |
| Rialachán (AE) Uimh. 37/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 18, 21.1.2014, lch. 1) | Pointe 11 den Iarscríbhinn, agus an pointe sin amháin |
| Rialachán (AE) Uimh. 38/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 18, 21.1.2014, lch. 52) | Pointe 4 den Iarscríbhinn, agus an pointe sin amháin |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 303/2014 ón gCoimisiún<br>(IO L 90, 26.3.2014, lch. 6) | |
| Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/675 ón gCoimisiún<br>(IO L 111, 30.4.2015, lch. 16) | |
| Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/654 ón gCoimisiún<br>(IO L 114, 28.4.2016, lch. 1) | |
| Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/750 ón gCoimisiún<br>(IO L 113, 29.4.2017, lch. 12) | |

# IARSCRÍBHINN IV

An Tábla Comhghaoil

| Rialachán (CE) Uimh. 673/2005 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagail 1 go 4 | Airteagail 1 go 4 |
| Airteagal 4a | Airteagal 5 |
| Airteagal 5 | Airteagal 6 |
| Airteagal 6(1) | Airteagal 7(1) |
| Airteagal 6(2) | – |
| Airteagal 6(3) | Airteagal 7(2) |
| Airteagal 6(4) | – |
| – | Airteagal 8 |
| Airteagal 8 | Airteagal 9 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn II |
| – | Iarscríbhinn III |
| – | Iarscríbhinn IV |